HSA

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

# Ráiteas Straitéise 2025 – 2027





# Clár na nÁbhar


| | | |
|---|---|---|
| 1 | Réamhrá | 4 |
| 2 | Réamhrá | 6 |
| 3 | Cé Muid Féin agus Céard a Dhéanaimid | 8 |
| 4 | Comhthéacs agus Treo Straitéise | 9 |
| 5 | Próiseas Comhairliúcháin Sheachtraigh agus Inmheánaigh | 11 |
| 6 | Fís, Sainordú agus Luachanna | 12 |
| 7 | Spriocanna agus Tosaíochtaí Straitéiseacha | 14 |
| 8 | An Straitéis seo a Sholáthar agus Feidhmíocht a Thomhas | 17 |
| 9 | Athbhreithniú ar Straitéis 2022-2024 | 18 |



Arna foilsiú ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, An Foirgneamh Uirbeach, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1.



© Gach ceart ar cosaint.

# 1 Réamhrá

## Brollach le Emer Higgins, Aire Stáit do Ghnó, Fostaíocht agus Miondíol.

I dtimpeallacht an lae inniu a bhíonn ag athrú de shíor, tá sé níos tábhachtaí ná riamh go mbeadh seirbhísí láidre i dtaca le Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde, ceimiceáin, faireachas margaidh agus creidiúnaithe againn, chun ár lucht saothair a chosaint, chun cabhrú le gnó agus leis an tsochaí.

Mar rialtóir faoi choimirce na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, tá ról lárnach ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta maidir le sábháilteacht san ionad oibre a chur chun cinn, feabhas a chur ar ár gcreat rialála, agus tacaíocht a thabhairt d'iomaíochas agus d'inbhuanaitheacht gheilleagar na hÉireann. Is iad oibrithe an crann taca de chuid gheilleagar na hÉireann, agus tá ról lárnach ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta maidir le tacaíocht a thabhairt dóibh agus geilleagar bríomhar a chur chun cinn.

Tá sainordú leathan an Údaráis, lena n-áirítear sábháilteacht agus sláinte cheirde, rialáil ceimiceáin agus táirgí tionsclaíocha, chomh maith leis an tseirbhís creidiúnaithe náisiúnta a sholáthar, ag teacht go dlúth le roinnt spriocanna i straitéis mo Roinne agus cabhróidh sé i dtaca lena soláthar. Tá an tÚdarás freagrach an dlí maidir le sábháilteacht agus sláinte cheirde a fhorfheidhmiú agus as dea-chleachtas a chur chun cinn. Tá dul chun cinn mór déanta chun sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre a fheabhsú ó tugadh isteach an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989. Tá roinnt áiteanna oibre á n-athrú ó bhonn ag teicneolaíochtaí nua san ionad oibre, ar nós intleacht shaorga, róbataic agus meaisínfhoghlaim, agus tá deiseanna agus dúshláin á gcruthú ag na hathruithe seo maidir le hoibriú sábháilte agus sláintiúil. Leagann an straitéis seo béim láidir ar impleachtaí na bhforbairtí seo.

Léiríonn fianaise maidir le básanna, gortuithe agus tinnis san ionad oibre go bhfuil contúirtí leanúnacha ag baint le hearnálacha ardriosca lena n-áirítear tógáil agus feirmeoireacht agus guaiseacha, ar nós a bheith ag obair ag airde agus a bheith ag obair le hinnealra. Agus aghaidh á tabhairt ar shaol nua na hoibre, leanfaidh an tÚdarás ag tabhairt tosaíochta do chomhlíonadh maidir le rioscaí agus guaiseacha aitheanta.

Faoin straitéis seo, leanfaidh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta de bheith ag comhoibriú le geallsealbhóirí chun an tionchar is mó agus is féidir ó ghníomhaíochtaí rialála a áirithiú, go háirithe in earnálacha ardriosca, agus chun gníomhaíochtaí coiscthe agus treorach a mhéadú. Mar ghníomhaireacht thríthaobhach, tacaíonn an tÚdarás le rannpháirtíocht fhiúntach trí chomhairliúchán agus ionadaíocht sábháilteachta mar mhodh chun torthaí dearfacha a bhaint amach i réimse na sábháilteachta agus na sláinte ceirde. Ag leibhéal an AE tá an tÚdarás tiomanta i gcónaí d'ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna na hÉireann agus tionchar a imirt ar bheartas agus reachtaíocht, agus ag an am céanna tacú le nuálaíocht agus iomaíochas.

Beidh tábhacht ar leith ag baint leis seo maidir le rialáil cheimiceach de réir mar a dhéantar tuilleadh oibre ar an Straitéis uaillmhianach Ceimiceán don Inbhuanaitheacht i dtreo Timpeallacht Shaor ó Thocsainí.

Leanfaidh Comhlacht Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú ar aghaidh ag cur an Straitéis Náisiúnta um Chreidiúnú 2022-2026 i bhfeidhm i dtréimhse na straitéise seo. Áirítear lena thosaíochtaí aitheantas poiblí forleathan agus feasacht ar chreidiúnú a chinntiú, agus conas is féidir le tionscal na hÉireann agus leis an earnáil phoiblí leas a bhaint as an iliomad buntáistí a bhaineann le creidiúnú, lena n-áirítear trádáil idirnáisiúnta a éascú agus táirgiúlacht a mhéadú.

Thug Bord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta aird ar na dúshláin atá ag teacht chun cinn a d'fhéadfadh a bheith os comhair shochaí na hÉireann, an rialtais agus na gníomhaireachta féin thar na trí bliana atá romhainn. Airítear orthu sin dul i ngleic le sainordú rialúcháin atá ag méadú agus leis an tionchar leanúnach a bheidh ag tarraingt siar na RA as an AE, agus aghaidh á tabhairt freisin ar bhealaí nua oibre, agus freagairt don ghéarchéim aeráide agus dul i ngleic le húsáid na hintleachta saorga san ionad oibre. Táim muiníneach go bhfuil an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta tiomanta do thosaíochtaí agus do bhealaí oibre a ligfidh dó coimeád cothrom le dáta san ionad oibre atá ag forbairt de shíor.

Aithníonn an Rialtas an tábhacht a bhaineann le ról an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta ar fud a shainorduithe go léir, agus táim ag tnúth le bheith ag obair leis an Údarás chun tacú leis agus lena chur ar a chumas freastal ar a fhís maidir le saolta oibre sláintiúla agus sábháilte, agus fiontair tháirgiúla, le linn thréimhse na straitéise seo.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Bord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, lena bhainistíocht, agus lena fhoireann thiomanta as a dtiomantas. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'ionchur luachmhar na bpáirtithe leasmhara go léir a chuidigh le múnlú na straitéise seo. Táim ag tnúth le tacaíocht a thabhairt don Údarás chun na torthaí uaillmhianacha atá beartaithe mar chuid den straitéis seo a bhaint amach agus lena tionchar dearfach ar fud na tíre a fheiceáil.



**An tAire Emer Higgins TD**
*Aire Stáit do Ghnó, Fostaíocht agus Miondíol*



# 2 | Réamhrá

**Tá ríméad orainn plean straitéiseach an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta le haghaidh 2025-2027 a chur i láthair. Seo an seachtú ráiteas straitéise a d'ullmhaigh an tÚdarás faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.**

Is cinnte gur tráth ina dtiocfaidh athrú suntasach ar an ionad oibre agus sa tsochaí i gcoitinne a mbeidh sna trí bliana amach romhainn. Tá teicneolaíochtaí nua ar nós IS ag athrú an chaoi a n-oibrímid, agus athrú ag teacht ar chomhdhéanamh ár sochaí. Beidh tionchar suntasach ag imeachtaí geopholaitiúla go hidirnáisiúnta, idir cinn atá ar eolas againn cheana agus cinn nach bhfuil muid ar an eolas fúthu go fóill, ar shaol na hÉireann.

Agus ár straitéis á cur i bhfeidhm, beidh an tÚdarás uaillmhianach agus nuálaíoch, ag díriú ar thorthaí nithiúla a bhaint amach maidir le sábháilteacht agus sláinte cheirde (OSH), creidiúnú, rialáil ceimiceán, agus faireachas margaidh. Tá sainordú an Údaráis forleathan agus sainiúil, agus beidh eolas fairsing, taithí agus tiomantas ár bhfoirne ag teastáil fós chun go n-éireoidh linn. Tá sé ríthábhachtach go dtabharfar ár dtiomantas chun críche maidir le saol oibre sláintiúil agus sábháilte, agus le fiontair tháirgiúla, le go mbeidh an lucht saothair agus an geilleagar rathúil.

Mar rialtóir, déanann an tÚdarás monatóireacht, cigireacht agus forfheidmiú, chomh maith le bheith ag cur chun cinn, ag tabhairt comhairle, ag comhoibriú, ag spreagadh, ag tacú agus ag tabhairt oideachas. Leanfaimid orainn de bheith ag cur raon uirlisí agus tacaíochtaí ar fáil d'fhiontair ionas gur féidir leo a n-oibleagáidí comhlíonta a chomhlíonadh agus ionaid oibre shábháilte agus rath gnó a chinntiú. Leanfaimid orainn lenár gclár iniúchta, ag díriú ar na réimsí inar féidir an tionchar is mó a bhaint amach. Leagfaimid béim freisin ar a chinntiú go bhfuil stiúrthóirí cuideachtaí go hiomlán ar an eolas faoina bhfreagrachtaí faoi reachtaíocht maidir le sláinte agus sábháilteacht. Más gá, déanfar gníomhaíocht forfheidhmithe iomchuí.

Tá córas láidir againn anois chun tuairisciú a dhéanamh, sonraí a bhailiú agus anailís a dhéanamh chun béim níos fearr a leagadh ar eintitis neamh-chomhlíontacha. Tá ár n-ardán nua teicneolaíochta ag cur lenár bpróisis rialála i bpríomhréimsí ar nós sábháilteacht agus sláinte cheirde, ceimiceán, agus faireachas margaidh. Beidh buntáistí breise mar thoradh ar lánúsáid na hinfheistíochta seo, mar shampla léargais luachmhara a chur ar fáil agus gníomhaíochtaí rialála níos spriocdhírithe a chumasú le linn thréimhse na straitéise seo.

Déanfaidh an tÚdarás infheistiú i gcláir oideachais agus i bhfeachtais fheasachta chun sábháilteacht san ionad oibre a chur chun cinn, lena gcumasaítear fostóirí agus fostaithe chun cosc a chur ar thimpistí agus ar ghortuithe. Rachaidh muid i bhfeidhm ar oibrithe atá le teacht trí chomhpháirtíocht le soláthraithe oideachais le haghaidh idirghabhálacha spriocdhírithe a chuireann cultúr sláinte agus sábháilteachta chun cinn. Leanfaimid ar aghaidh le feasacht a ardú go neamhspleách agus le gníomhaireachtaí Stáit araon chun iompar dearfach a chur chun cinn de réir rialacháin um shábháilteacht and sláinte cheirde, ceimiceán agus faireachas margaidh.

Beidh comhpháirtíocht agus comhoibriú ríthábhachtach chun comhlíonadh a chur chun cinn, cibé acu trí choistí comhairleacha, trí chláir oibre nó trí threoir a sholáthar. Mar bhord tríthaobhacha le hionadaithe ar fhostaithe agus ar fhostóirí iad, aithnímid an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht chuiditheach. Cuirfimid béim ar an gceanglas atá ar fhostóirí dul i gcomhairle lena bhfostaithe agus ceart na bhfostaithe a chur chun linn maidir le hionadaí sábháilteachta a roghnú agus a cheapadh san ionad oibre.

Leanfaimid orainn ag cothú comhaontais agus líonraí láidre leis an AE agus le comhghleacaithe idirnáisiúnta agus beidh ról gníomhach againn i múnlú beartais. Sa dara leath de 2026, beidh Uachtaránacht rothlach Chomhairle an Aontais Eorpaigh a óstáil ag Éirinn agus beidh sí freagrach as cabhrú le clár oibre bheartas an AE a bhrú chun cinn agus as tionscnaimh reachtaíochta a chur chun cinn. Beidh béim ar leith ar thacaíocht a thabhairt d'Uachtaránacht AE na hÉireann in 2026, agus oibreoimid go leanúnach chun ár gcomhghuaillíochtaí san AE a neartú.

Trí Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB), cuirfimid an Straitéis um Chreidiúnú 2022-2026 i bhfeidhm agus tabharfaimid an fhís chun críche maidir le creidiúnú a bheith aitheanta mar rud lárnach maidir le hiontaobhas agus muinín a sholáthar i bhfiontraíocht, i dtrádáil agus i seirbhísí poiblí na hÉireann.

Mar chomhlacht poiblí a fheidhmíonn agus a rialaíonn thar shainordú leathan agus éagsúil, tá ról ar leith ag an Údarás maidir le sábháilteacht oibrithe, seirbhísí, agus táirgí a úsáideann oibrithe nó tomhaltóirí, agus cosaint an chomhshaoil a chinntiú. Is príomhghné dár straitéis é an ról seo a léiriú agus a chur in iúl don rialtas, do chomhpháirtithe fiontair, agus don tsochaí chun na buntáistí a bhaineann le creidiúnú agus comhlíonadh rialála a uasmhéadú.

Cuspóir tábhachtach don Bhord le linn thimthrialla na straitéise seo is ea feabhas a chur ar an mbealach a dhéanann an tÚdarás rianú agus tuairisciú ag leibhéal toraidh. D'iarr an Bord ar an bhFeidhmeannas creat tuairiscithe a fhorbairt a léireoidh go soiléir tionchar ardleibhéil ghníomhaíochtaí an Údaráis, arna thacú ag na méadrachtaí oibriúcháin agus táscairí feidhmíochta ábhartha. Tuigeann an Bord go bhfuil an leibhéal anailíse seo casta agus go mbainfear amach de réir a chéile é ach spreagann sé an tÚdarás a bheith uaillmhianach ina leith seo sna trí bliana amach romhainn.

Táimid ag tnúth le bheith ag obair le daoine aonair, le comhpháirtithe agus le páirtithe leasmhara chun an fhís agus na spriocanna atá leagtha amach sa straitéis seo a bhaint amach.

Mar fhocal scoir, ba mhaith linn buíochas a ghabháil le gach duine a ghlac an t-am le cur le forbairt an ráitis straitéise seo. Áiríodh leis sin cuid mhór rannpháirtíochta le foireann agus le bainistíocht an Údaráis, chomh maith le raon leathan páirtithe leasmhara seachtracha lena n-áirítear rialtóirí eile, gníomhaireachtaí stáit, ceardchumainn, comhlachtaí ionadaíocha fiontair, agus daoine príobháideacha. Ba mhaith linn buíochas ar leith a ghabháil le gach ball de Bhord an Údaráis as a rannpháirtíocht an-ghníomhach i bhforbairt na straitéise seo.



**Patricia Byron**
Cathaoirleach



**Conor O'Brien**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



# 3 Cé Muid Féin agus Céard a Dhéanaimid

Bunaíodh an tÚdarás in 1989 faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989, a tháinig an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 in ionad an achta seo ó shin.

Tá feidhmeanna breise bronnta ar an Údarás ó shin faoi na hAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010, agus faoi reachtaíocht eile. In 2014, cuireadh Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) san áireamh faoi fheidhmeanna an Údaráis.

Tá an tÚdarás freagrach don Aire Stáit do Ghnó, Fostaíocht agus Miondíol faoi údarás tarmligthe ón Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Tá ról reachtach an Údaráis leagtha amach sa tábla thíos.

| | Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde | Ceimiceáin | Faireachas Margaidh | Creidiúnú |
|---|---|---|---|---|
| **Príomhreachtaíocht** | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Na hAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010<br>Acht na nArm Ceimiceach 1997<br>Rialacháin a bhaineann le hlompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar agus Úsáid Brú-Threalaimh Iniompartha, 2011 go 2023 faoi Acht na gComhphobal Eorpach 1972<br>An tAcht um Shubstaintí Contúirteacha 1972 | Rialachán AE um Fhaireachas Margaidh 2019/1020<br>Rialacháin maidir le Sábháilteacht Táirgí faoi Acht na gComhphobal Eorpach 1972<br>An tAcht Ceimiceán 2008-2010 | Rialachán AE 765/2008 |
| **Ról reachtúil** | Oibrithe agus iad siúd a mbíonn tionchar ag gníomhaíocht oibre orthu a chosaint ar ghortú agus ar thinneas ceirde | Sláinte an duine agus an timpeallacht a chosaint<br>Iomaíochas agus nuálaíocht a fheabhsú<br>Gníomhú mar phointe comhtheagmhála do Rúnaí Teicniúil OPCW<br>A chinntiú go n-iompraítear ceimiceáin chontúirteacha ar an mbóthar go sábháilte<br>Comhlacht neamhspleách chun cinneadh a dhéanamh maidir le hachomhairc ar chinntí ceadúnais siopa miondíola i dtaca le leachtanna agus breosla inadhainte arna ndéanamh ag an údarás (áitiúil) ábhartha | Saorghluaiseacht ceimiceán agus táirgí tionsclaíocha ar an margadh inmheánach a chinntiú<br>Oibrithe, tomhaltóirí agus an comhshaol a chosaint ar tháirgí tionsclaíochta contúirteach, ar cheimiceáin, ar ghlantaigh nó ar earraí déanta de cheimiceáin | Eagraíochtaí a chreidiúnú do chaighdeáin idirnáisiúnta maidir le hinniúlacht teicniúil i dtástáil, i gcalabrú, i gcigireacht, i bhfíorú agus i ndeimhniú |

# 4 Comhthéacs agus Treo Straitéise

**Forbraíodh straitéis an Údaráis don tréimhse 2025-2027 i gcomhthéacs athraithe atá ag teacht chun cinn go tapa in Éirinn agus thar lear. Déantar achoimre thíos ar na príomhfhachtóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ag múnlú na straitéise ar bhealaí éagsúla.**

Le héabhlóid thapa na teicneolaíochta, cuirtear deiseanna agus dúshláin araon i láthair. Tiocfaidh athrú ar na rioscaí sláinte agus sábháilteachta atá romhainn, de bharr teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn ar nós intleachta saorga, trí chleachtais agus bealaí nua oibre a ghlacadh. De réir mar a théann teicneolaíocht san ionad oibre chun cinn, beidh ar an Údarás an saineolas teicniúil atá ag teastáil chun imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe féideartha ar an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 a chaomhnú agus a fheabhsú.

D'fhéadfadh athruithe eacnamaíocha, amhail boilsciú, luaineachtaí i dtimthriallta eacnamaíocha, agus ganntanas sa mhargadh saothair, dul i bhfeidhm ar chomhlíonadh na rialachán sláinte agus sábháilteachta. Ar leibhéal earnála, rachaidh earnálacha atá ag fás, amhail an geilleagar ciorclach, an t-aistriú glas, an geilleagar gigeanna atá ag dul i méid, chomh maith le gníomhaíocht mhéadaithe san earnáil tógála agus na dúshláin leanúnacha san earnáil talmhaíochta, i bhfeidhm ar an gcaoi a mbainimid úsáid as ár n-acmhainní. Ina theannta sin, is tosca inmheánacha suntasacha iad déimeagrafacha atá ag athrú, lena n-áirítear lucht saothair scothaosta, agus líon méadaitheach oibrithe leochaileacha, nach bhfuil Béarla acu, agus oibrithe imirceacha.

Beidh an tÚdarás uaillmhianach agus sofhreagrúil, ag breathnú chun cinn i gcónaí ar cheisteanna dá macasamhail seo a thagann chun cinn. Beidh a chuid samhlacha agus a chur chuige nuálach nuair is féidir teicneolaíocht a ghiaráil, taighde ábhartha a spreagadh agus digitiú a chomhtháthú chun feabhas a chur ar bhainistiú comhlíonta, ar mheasúnú riosca agus ar chumarsáid san ionad oibre.

Tá ionad oibre atá sláintiúil, sábháilte agus táirgiúil ag brath go mór ar chumarsáid mhaith idir fostaithe agus fostóirí, mar a léiríodh le linn na paindéime. Leanfar le cumarsáid láidir agus le húsáid sásraí comhairliúcháin d'fhostaithe a chur chun cinn chun sábháilteacht oibrithe agus rannpháirtíocht oibrithe i gcúrsaí sláinte agus sábháilteachta a chinntiú.

Bhí tionchar buan ag an bpaindéim ar mhargadh saothair na hÉireann, as a d'eascair reachtaíocht nua agus an méadú ar chion na hoibre ó chian nó na oibre hibridí/cumaisc. Cruthaíonn sé seo dúshláin don Údarás maidir le sláinte agus sábháilteacht a rialú sa bhaile nó ar obair lasmuigh den láthair. Ina theannta sin, tá tionchar leanúnach ann de thoradh ar imeacht na RA ón AE, i.e., iompar féideartha earraí contúirteacha neamhrialaithe, agus creidiúnú eagraíochtaí atá bunaithe i dTuaisceart na hÉireann atá ag obair i margaí na RA agus an AE araon. Tá béim níos mó freisin ar thosca riosca síceasóisialta a d'fhéadfadh cur isteach ar mheabhairshláinte oibrithe, ar saincheisteanna trasearnálacha iad ag gach earnáil.

Tacaíonn coistí comhairleacha, Coiste Comhairleach na Comhpháirtíochta um Shábháilteacht Feirme (FSPA), Coiste Comhairleach na Comhpháirtíochta um Shábháilteacht Tógála (CSPAC), agus an Coiste Comhairleach nua um Shláinte agus Cúraim Shóisialaigh (HSCAC), le hobair an Údaráis. Bunaíodh an HSCAC le linn na straitéise do 2022 go 2024, agus cuireann sé fóram ar fáil do pháirtithe leasmhara chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt don Údarás maidir le dea-chleachtais i sláinte agus sábháilteacht cheirde a chur chun cinn san earnáil.

> **Tá ionad oibre atá sláintiúil, sábháilte agus táirgiúil ag brath go mór ar chumarsáid mhaith idir fostaithe agus fostóirí**

Cuireann sé sásra foirmiúil ar fáil chun rochtain a fháil ar shaineolas earnála don Bhord agus chun líonraí láidre a bhunú. Cé go ndearnadh athbhreithniú ar WorkPositiveCI, an uirlis bhainistíochta riosca síceasóisialta d'fhostóirí, in 2023, beidh tuilleadh grinnscrúdaithe agus gnímh ag teastáil mar gheall ar an mbéim mhéadaithe ar shláinte cheirde, lena n-áirítear rioscaí síceasóisialta.

Beidh tionchar ag cur i bhfeidhm Straitéis Ceimiceán an AE um Inbhuanaitheacht agus ag cláir oibre AE a bhaineann leis ar ár gcuid oibre agus beidh gá le comhordú ar leibhéal na hEorpa agus ar an leibhéal náisiúnta le húdaráis inniúla eile. Féadfaidh athruithe ar rialacháin sláinte agus sábháilteachta, intíre agus go hidirnáisiúnta araon, dúshlán a thabhairt d'fhiontair bearta comhlíonta a ghlacadh. Leanfaidh an tÚdarás air ag cur athruithe reachtacha chun cinn agus ag tacú le fiontair maidir lena gcur chun feidhme, agus ag tacú le hiomaíochas agus nuálaíocht ag an am céanna.

Mar thoradh ar earcaíocht fhorleathan, mhéadaíomar líon ár mball foirne go mór. Chun tacú leis an bhfás seo, beidh gá le béim ar chomhtháthú foirne, ar oiliúint agus ar fhorbairt chun sármhaitheas eagraíochtúil a bhaint amach. Ina theannta sin, cuirfimid sainoiliúint theicniúil ar fáil i réimsí spriocdhírithe do bhaill fhoirne atá ann cheana agus aon bhall foirne nua, agus a áirithiú go mbainfear úsáid iomchuí as acmhainní an Údaráis.

Beimid i gcomhpháirtíocht leis an gcóras oideachais freisin chun saineolas maidir le sláinte agus sábháilteacht a fhorbairt in earnálacha ardriosca, agus chun píblíne earcaíochta a fhorbairt do ghairmeacha i réimsí a mbaineann le sainordú an Údaráis.



Le linn na straitéise seo, beidh orainn roinnt straitéisí agus tionscnamh Rialtais a chomhlíonadh. Leanfaimid orainn ag obair le príomhpháirtithe leasmhara chun na míreanna gníomhaíochta atá leagtha amach i Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030 a sheachadadh.

Bunaítear le hAlt 42 den Acht Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 dualgas dearfach ar chomhlachtaí poiblí aird a thabhairt ar an ngá atá ann le deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas a chur chun cinn, agus cearta daonna na foirne agus na ndaoine a gcuirtear seirbhísí ar fáil dóibh a chosaint. Éilítear leis freisin "measúnú ar shaincheisteanna cearta daonna agus comhionannais a chreideann sé le bheith ábhartha d'fheidhmeanna agus d'aidhm an chomhlachta agus na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá i bhfeidhm nó atá beartaithe le cur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin." Ní mór go mbeadh rochtain ag an bpobal ar an measúnú seo. Tá an Dualgas Earnála Poiblí seo ag teacht le sainordú agus le bunluachanna an Údaráis.

Leanfaidh an tÚdarás air le béim a chur ar chomhionannas agus ar chearta an duine agus iad a chur chun cinn trínár gcuid oibre ó lá go lá, cibé acu trí phríomhsheirbhísí poiblí a sheachadadh; trí bheartas agus reachtaíocht a fhorbairt ar bhealach cuimsitheach a chomhlíonann cearta an duine; nó trínár gcuid oibre a dhéanamh ar bhealach éifeachtach agus cothrom le hionracas agus le meas ar dhínit an duine. Trínár bpríomhluachanna, cinnteoimid freisin go leagfar béim ar na dualgais seo dár bhfoireann. Ina theannta sin, leanfaimid orainn le béim a chur ar chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsitheacht, lena chinntiú go mbeidh siad seo fite fuaite inár mbeartais agus inár nósanna imeachta, lena n-áirítear ár bpróisis earcaíochta, forbartha agus coinneála. Déanfaimid iarracht an sprioc a shárú gur chóir go ndéanfadh ar a laghad 6% d'fhoireann an Údaráis ionadaíocht do dhaoine atá faoi mhíchumas, i gcomhréir le Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta an Rialtais do Dhaoine atá faoi Mhíchumas.

Geallann an tÚdarás freisin go n-ailíneoidh sé le beartais lárnacha níos leithne san earnáil phoiblí. Ag cur le 'Ár Seirbhís Phoiblí (OPS) 2020', tá Rialtas na hÉireann ag tabhairt faoi OPS2023 faoi láthair, a bheidh ina chreat nua le haghaidh forbartha agus nuálaíochta i seirbhís phoiblí na hÉireann. Is é príomhsprioc OPS2023 ná go gcinntítear go mbeidh seirbhís phoiblí na hÉireann oiriúnach don fheidhm atá aici go dtí 2030 agus ina dhiaidh sin.

Ina theannta sin, forbróidh an tÚdarás Plean Oibre um Ghníomhaíocht Aeráide ina leagfar amach a chur chuige maidir le spriocanna i dtaca le héifeachtúlacht fuinnimh agus le laghdú ar astaíochtaí a bhaint amach. Beidh an plean oibre seo, a n-éilítear de réir Sainordú Gníomhaíochta Aeráide na hEarnála Poiblí 2023, ailínithe leis an bPlean Gníomhaíochta Aeráide agus le treoirlínte an Gheilleagair Chiorclaigh.

# 5 Próiseas Comhairliúcháin Sheachtraigh agus Inmheánaigh

**Le linn phróiseas forbartha na straitéise, ghlac an tÚdarás páirt i gclár leathan d'aiseolas ó pháirtithe leasmhara seachtracha agus de chomhairliúchán poiblí, chomh maith le comhairliúchán mionsonraithe i measc ár bhfoirne féin. Ba mhaith leis an Údarás buíochas a ghabháil le gach duine a rannchuidigh leis seo, rud a bhí ina phríomh-ionchur dúinn i bhforbairt na straitéise.**

Bhí agallaimh dhéthaobhacha, suirbhéanna agus lorg aighneachtaí ó raon leathan de pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha i gceist le próiseas rannpháirtíochta na bpáirtithe leasmhara, lena n-áirítear comhlachtaí ionadaíochta d'fhostóirí, d'fhostaithe agus den earnáil, ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, agus an pobal i gcoitinne, chomh maith le foireann an Údaráis. Bailíodh 36 aighneacht ar an iomlán trí shuirbhé inmheánach an aonaid ghnó agus bailíodh 72 aighneacht le linn an phróisis chomhairliúcháin sheachtraigh. Chomh maith leis an straitéis a threorú, bainfidh an tÚdarás úsáid as an aiseolas mionsonraithe freisin chun a phleananna cur chun feidhme bliantúla a fhorbairt thar an tréimhse 2025-2027.

Thug Indecon Economic Consultants an próiseas comhairliúcháin i gcrích go neamhspleách ar an Údarás chun a chinntiú go bhféadfadh freagróirí aiseolas macánta agus díreach a thabhairt ar a rannpháirtíocht leis an Údarás le linn na straitéise roimhe seo, agus moltaí a thabhairt le bheith mar bhonn eolais den chéad straitéis eile.



## Is iad seo a leanas samplaí de chuid de na léargais a léirigh na páirtithe leasmhara:

- Thug raon páirtithe leasmhara obair an Údaráis thar shaolré na straitéise roimhe seo faoi deara, agus luadh go minic raon agus cáilíocht na cumarsáide agus na faisnéise a cuireadh ar fáil, tuilleadh comhoibrithe agus rannpháirtíochta le hearnálacha éagsúla, chomh maith le haitheantas ar an méadú atá ag teacht ar shainordú an Údaráis i réimsí ar nós rialú ceimiceán. Tugadh forbairt straitéise an INAB chun creidiúnú a chur chun cinn faoi deara freisin.
- Leagadh béim ar roinnt athruithe agus dúshlán seachtracha. Leagadh béim ar thionchar na n-athruithe comhshaoil ar chleachtais agus ar bhealaí nua oibre a ghlacadh, lena bhféadfaí rioscaí nua a chruthú. Cuireadh athruithe ar dhéimeagrafaic agus ar chomhdhéanamh sóisialta na hÉireann in iúl freisin, chomh maith le hathruithe sóisialta ar nós an mhéadú ar fhoréigean agus ar iompar bagrach i leith fostaithe sa tseirbhís phoiblí agus baill foirne túslíne.
- Cuireadh tábhacht na gcigireachtaí in iúl, go háirithe feachtais iniúchta atá dírithe ar riosca agus ar bhearta maolaithe. Leag na freagróirí béim ar an ngá atá le cigirí a bheith oilte agus feistithe le huirlisí chun aghaidh a thabhairt ar gach gné de OSH, lena n-áirítear rioscaí síceasóisialta agus tinneas ceirde a mhaolú. Leag na geallsealbhóirí béim freisin ar an ngá atá le leanúint ar aghaidh le tacaíocht a thabhairt d'Ionadaithe Sábháilteachta san ionad oibre.
- Leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le hardú feasachta trí bhealaí éagsúla cumarsáide, le roinnt moltaí maidir le conas a d'fhéadfaí é seo a fhorbairt agus a fheabhsú tuilleadh. Sainaithníodh go bhfuil sé ríthábhacht oideachas a chur ar dhaoine óga agus dul i gcomhar leis an gcóras oideachais chun tionchar a imirt ar an ionad oibre amach anseo.
- Sainaithníodh réimsí béime nua agus atá ag teacht chun cinn freisin. Mhol páirtithe leasmhara go ndíreofaí ar chúiseanna eagraíochtúla i dtaca le rioscaí síceasóisialta agus strus a bhaineann leis an obair a aithint.
- Moladh freisin roinnt réimsí le díriú orthu don ráiteas straitéise nua a bhaineann le hearnáil na gceimiceán.

# 6 Fís, Sainordú agus Luachanna

## Fís

**Saol oibre sláintiúil agus sábháilte a sholáthar agus cur le fiontair tháirgiúla.**

Sábháilteacht, sláinte agus leas a bhaineann leis an obair agus úsáid shábháilte ceimiceán agus táirgí a rialáil, a fhorfheidhmiú agus a chur chun cinn; agus an tseirbhís creidiúnaithe náisiúnta a chur ar fáil.

## Sainordú

- Sábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag an obair agus daoine a dtéann gníomhaíochtaí oibre i bhfeidhm orthu a rialáil.
- Tionchar a bheith againn ar shábháilteacht, sláinte, agus leas na ndaoine ag an obair agus iad siúd a dtéann gníomhaíochtaí oibre i bhfeidhm orthu a chur chun cinn.
- Monarú, úsáid, cur ar an margadh, trádáil, soláthar, stóráil, agus iompar sábháilte ceimiceán a rialáil agus a chur chun cinn.
- Údarás faireachais de réir na reachtaíochta ábhartha ar an margadh aonair Eorpach a dhaingniú.
- Bheith mar an comhlacht náisiúnta creidiúnaithe d'Éirinn.

## Ár bPRÍOMHluachanna

**Comhoibriú:**
Is eagraíocht duine-lárnach muid a bhíonn ag éisteacht, ag dul i gcomhairle agus ag comhoibriú le fostaithe, fostóirí, páirtithe leasa agus comhpháirtithe.

**Béim ar thorthaí:**
Leagaimid béim lenár gcuid oibre go léir ar thorthaí níos fearr a bhaint amach.

**Freagrúlacht:**
Is eagraíocht forchéimnitheach muid a spreagann feabhsú leanúnach trí nuálaíocht. Bainimid úsáid as sonraí chun bonn eolais a chur faoinár ngníomhartha, agus déanaimid na foghlaimí a mheas agus a chomhroinnt.

**Eitic:**
Cloímid leis na caighdeáin ghairmiúla, rialachais agus eiticiúla is airde. Tuillfimid muinín trí fhreagracht a léiriú agus ár seirbhísí a sheachadadh ar bhealach dian, comhsheasmhach agus cothrom.

**Sna trí bliana amach romhainn, beidh an tÚdarás ag cur béim ar ár sainordú leathnaithe a chomhlíonadh. Ar an dóigh sin, beidh na trí thosaíocht straitéiseach mar threoir againn, mar atá leagtha amach thíos. Leagfaimid béim ar roinnt spriocanna ar leith, atá leagtha amach faoi gach ceann de na tosaíochtaí straitéiseacha.**






# 7 Spriocanna agus Tosaíochtaí Straitéiseacha

## Tosaíocht Straitéiseach 1:

## Tógáil agus Tacú le Comhlíonadh

BTÓGÁIL AGUS TACÚ LE COMHLÍONADH

Cultúr comhlíonta, comhoibrithe agus dea-chleachtais a leabú.

**Sna trí bliana amach romhainn, beimid:**

- ag aithint na réimsí is mó riosca inar féidir linn an tionchar is mó a imirt agus ag leagan béim orthu,
- ag pleanáil agus ag breathnú chun cinn ar shaincheisteanna agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, agus sainaithneoimid riachtanais thaighde, agus
- ag tabhairt tacaíocht maidir le comhlíonadh agus é á fhorfheidhmiú nuair is gá.

**Torthaí a bhfuiltear ag súil leo**

- Próifíliú riosca a dhéanamh maidir le próisis atá bunaithe ar fhianaise agus ar shonraí.
- Córas rialúcháin agus forfheidhmithe éifeachtach agus éifeachtúil, a thacaíonn le comhlíonadh.
- Modheolaíocht sofhreagrúil, nuálaíoch, atá in ann freagairt do cheisteanna atá ag teacht chun cinn.
- Caidrimh neartaithe le rialtóirí chun torthaí níos éifeachtaí a sheachadadh.
- Fiontair, sealbhóirí dualgais agus páirtithe leasmhara atá eolach agus atá in ann ceanglais rialúcháin a chomhlíonadh.

TIONCHAR, OIDEACHAS AGUS COMHOIBRIÚ

### Tosaíocht Straitéiseach 2:

# Tionchar, Oideachas agus Comhoibriú

Tionchar a imirt ar pháirtithe leasmhara, oideachas a chur orthu agus comhoibriú leo, lena chinntiú go bhforbraítear saineolas cuí, go maolaítear rioscaí laistigh dár sainchúram, agus go gcosnaítear an tsochaí.

**Sna trí bliana amach romhainn:**

- díreoimid príomhtheachtaireachtaí ar fhiontair bheaga, ar dhaoine féinfhostaithe agus ar oibrithe leochaileacha,
- forbróimid cultúr comhoibrithe le tionscal, páirtithe leasmhara agus soláthraithe oideachais, agus
- beidh tionchar réamhghníomhach againn ar bheartas agus ar reachtaíocht trí úsáid a bhaint as ár saineolas.

**Torthaí a bhfuiltear ag Súil Leo**

- Méadú ar rannpháirtíocht le fiontair bheaga, le daoine féinfhostaithe, agus le hoibrithe leochaileacha.
- Comhoibriú a neartú le páirtithe leasmhara agus le soláthraithe oideachais.
- Aithneofar muid mar thús cadhnaíochta maidir le beartas agus reachtaíocht a bhaineann lenár sainordú.

## Tosaíocht Straitéiseach 3:

# Barr Feabhais Eagraíochtúla

BARR FEABHAIS EAGRAÍOCHTÚLA

Eagraíocht uaillmhianach, eiticiúil, aschur-dhírithe, nuálaíoch agus eolach, a spreagann ár ndaoine i dtaca lenár sainordú a chur i gcrích.

**Sna trí bliana amach romhainn, beimid:**

- ag iarraidh a chinntiú go bhfuil na scileanna cearta ag an Údarás don todhchaí
- nuálach agus sofhreagrúil,
- i mbun luach na hinfheistíochta a dhéantar sa teicneolaíocht a uasmhéadú, agus
- ag déanamh torthaí ár gcuid oibre a thomhas níos fearr.

**Torthaí a bhfuiltear ag Súil Leo**

- Eagrúchán éifeachtach agus sofhreagúil, le hinniúlacht inmheánach arna comhlánú ag saineolas seachtrach, chun oiriúnú d'éilimh.
- Samhail tuairiscithe éifeachtach le go mbeimid in ann acmhainní a leithdháileadh agus torthaí straitéiseacha ár gcuid oibre a thomhas.
- Comhtháthú agus comhordú níos fearr ar chórais agus ar shonraí chun éifeactúlachtaí agus caighdeán a uasmhéadú.
- Tugtar tacaíocht agus cumhacht dár ndaoine chun go n-éireoidh leo ina róil.

# 8 An Straitéis seo a Chur i gCrích

## Cláir oibre

Cuirfidh an tÚdarás an straitéis seo i bhfeidhm trí chláir oibre bliantúla a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, ar chuirfear faoi bhráid an Aire iad lena cheadú a fháil. Sonrófar sna cláir seo na gníomhartha agus na príomhtháscairí feidhmíochta (KPIanna) a thacóidh lenár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.

## Feidhmíocht a Thomhas

Déanfar monatóireacht ar dhul chun cinn na gclár oibre bliantúil lena gcuirtear an straitéis seo i bhfeidhm, trí úsáid a bhaint as réimse beart cáilíochtúil agus cainníochtúil. Agus méadrachtaí á leagan síos, leagfaidh an tÚdarás béim faoi leith ar na torthaí a bhfuiltear ag súil leo a thomas. Tá dualgas ar Bhord an Údaráis monatóireacht agus tomhas a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na straitéise agus ar fheidhmíocht na heagraíochta, agus iad a bhrú chun cinn. Déanfaidh Bord an Údaráis agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta measúnú ar fheidhmíocht leanúnach bunaithe ar thuarascálacha ráithiúla agus bliantúla. Chomh maith leis sin, comhaontóidh an tÚdarás comhaontú formhaoirseachta agus seachadta feidhmíochta leis an Roinn, a bheidh mar bhonn le tuairiscí tréimhsiúla don Aire ar dhul chun cinn.



# 9 Athbhreithniú ar Straitéis 2022-2024

**Cuireadh Ráiteas Straitéise an Údaráis 2022-2024 i bhfeidhm de réir mar a thosaigh geilleagar na hÉireann ag téarnamh ó thionchair na paindéime COVID-19, agus tháinig ardú ar leibhéil ghníomhaíochta agus sháraigh siad na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim. Sa tréimhse seo freisin, tháinig laghdú ar an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí, tháinig athruithe ar mhargaí domhanda, agus tháinig athruithe sa mhargadh saothair de bharr, i bpáirt, dul chun cinn teicneolaíochta agus athruithe sochaíocha.**

**Is iad seo a leanas na torthaí a rabhthas ag súil leo ó Ráiteas Straitéise 2022-2024:**

### Rialáil:

- Daoine a dteipeann orthu ina ndualgais faoi reachtaíocht arna bhforfheidhmiú ag an Údarás a thabhairt chun cuntais go héifeachtach.
- Treocht anuas leanúnach ar na rátaí básanna, díobhála agus drochshláinte a bhaineann le hobair.

### Cuir Chun Cinn:

- Fostóirí atá rannpháirteach go gníomhach i sábháilteacht, sláinte agus leas ceirde a bhainistiú.
- Oibrithe atá rannpháirteach go gníomhach i gcosaint a thabhairt dóibh féin agus a gcomhghleacaithe ag an obair.
- Feasacht mhéadaithe ar conas na rioscaí don tsláinte a eascraíonn as táirgí tionsclaíochta agus ceimiceáin ar leith a sheachaint agus a bhainistiú.
- Daoine agus eagraíochtaí atá ag gabháil go réamhghníomhach do chláir, d'uirlisí, agus do sheirbhísí an Údaráis, agus atá sásta leo.

### Tionchar:

- Ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna náisiúnta le linn tograí agus trasuí treoracha agus rialacháin an AE.
- Rannpháirtíocht ghníomhach agus comhoibriú le heagraíochtaí eile chun tacú le hobair an Údaráis, lena n-áirítear trí mheabhráin chomhthuisceana agus comhaontuithe ar leibhéal na seirbhíse.

### Creidiúnú:

- Feasacht agus úsáid mhéadaithe ar sheirbhísí creidiúnaithe INAB chun sármhaitheas agus inbhuanaitheacht gnó a chur chun cinn, agus chun tacú le rialáil i réimsí riachtanacha.

### Ár modh oibre:

- An tÚdarás le bheith ina eagraíocht ardfheidhmíochta, atá fianaithe le hardleibhéil rannpháirtíochta agus spreagadh foirne, an cumas oiriúnú don timpeallacht atá ag athrú, úsáid optamach acmhainní an Stáit agus caidrimh dhearfacha le páirtithe leasmhara.

Tá sonraí maidir le baint amach na dtorthaí seo le linn na tréimhse 2022-2024 leagtha amach sna leathanaigh seo a leanas.

## Príomhtháscairí Feidhmíochta a Ghnóthú

Léiríonn anailís ar na KPIanna a socraíodh do na Cláir Oibre in 2022 agus 2023 fianaise láidir maidir le gnóthú i roinnt príomhréimsí faoi na príomhthosaíochtaí straitéiseacha atá leagtha síos i Ráiteas Straitéise 2022-2024. Ba thráth é seo ina raibh athruithe suntasacha ag teacht ar an eagraíocht, agus é ag fás go suntasach agus ag glacadh freagrachtaí nua. Tá anailís bhreise ar a bhfuil bainte amach faoi na torthaí straitéiseacha leagtha amach thíos.

## Bás agus gortú a laghdú

Thug an tÚdarás faoi deara méadú ar theagmhais neamh-mharfacha a bhain le hobair le linn 2022 agus 2023, de réir mar a d'fhill go leor gníomhaíochtaí eacnamaíocha ar ais go leibhéil ghníomhaíochta a bhí ann roimh an bpaindéim (ní raibh sonraí le haghaidh 2024 ar fáil nuair a críochnaíodh an straitéis seo). Tuairiscíodh 9,092 teagmhas neamh-mharfach san ionad oibre in 2022 agus 10,035 in 2023. Nuair a chuirtear i gcomparáid leis na blianta roimh an bpaindéim, 2018 agus 2019, tá ráta dteagmhas neamh-mharfacha, mar chéatadán de líon na ndaoine fostaithe, tar éis titim.

Tuairiscíodh 9,092 teagmhas neamh-mharfach san iomlán don Údarás in 2022. Bhí sé seo 8.6% níos airde ná 2021, 19% níos airde ná 2020, agus beagán níos ísle ná 2019. Ba iad láimhsiú agus titimí na rudaí ba choitianta a tharla in 2022, mar a bhí sna blianta ar fad ó 2018 i leith. Ba é an droim an ball den chorp a bhí i gceist leis an líon is mó teagmhas neamh-mharfach d'oibrithe. Tuairiscíodh gortuithe droma i 26% de na teagmhais oibrithe. Ba í an timpeallacht ba choitianta le haghaidh teagmhais neamh-mharfacha a bhaineann le hobair ná láithreacha tionsclaíocha nó láithreacha cothabhála d'oibrithe (26%), agus láithreacha gníomhaíochta siopa nó seirbhíse do dhaoine nach oibrithe iad (50%). In 2023, tháinig méadú 10% ar líon na dteagmhas neamh-mharfacha a tuairiscíodh don Údarás.

Cé gur ábhar misnigh é an treocht bhunúsach, tá líon na ngortuithe fós ró-ard, agus tuigeann an tÚdarás go hiomlán go bhfuil fíordhaoine taobh thiar de na figiúirí seo a gortaíodh nó a raibh tinneas orthu san ionad oibre. Ní mór a thabhairt faoi deara freisin go bhféadfaí tearcthuairisciú suntasach a bheith ann ar theagmhais neamh-mharfacha, agus is lú an seans go dtuairisceoidh fiontair níos lú agus daoine féinfhostaithe, go háirithe, teagmhais i gcomparáid le fiontair níos mó, agus go bhféadfaí nach mbeadh fiontair níos nuaí ar an eolas faoin oibleagáid i dtaca le teagmhais neamh-mharfacha a bhaineann le hobair a thuairisciú don Údarás.

Le deich mbliana anuas (2014-2023), léiríonn taifid an Údaráis laghdú foriomlán ar an ráta básanna arna dtuairisciú in aghaidh an 100,000 oibrí in Éirinn ó 2.8 in 2014 go 1.6 in 2023. Ba iad 2021 agus 2022 na blianta ab ísle riamh maidir le básanna a bhaineann leis an obair ó bunaíodh an tÚdarás i 1989, agus cailleadh 38 duine de bharr teagmhais a bhain leis an obair i ngach ceann de na blianta sin.

Tháinig méadú air seo go 43 in 2023, áfach. Arna thomhas maidir le líon na n-oibrithe, b'ionann an ráta báis agus 1.5 in aghaidh 100,000 oibrí in 2022 agus 1.6 in aghaidh 100,000 in 2023. Tá ráta na dtimpistí marfacha i bhfad níos airde ná an meán náisiúnta i measc daoine féinfhostaithe (gan aon fhostaithe) agus oibrithe i bhfiontair bheaga nó i micrifhionitair. Cé gur tháinig méadú ar líon na mbásanna, tá sé fós níos ísle ná an 49 a taifeadadh in 2019 agus an 54 in 2020. Cé go bhféadfadh méaduithe a léiriú, i bpáirt, go bhfuil méadú tagtha ar ghníomhaíocht na hearnála tógála, tugaimid faoi deara go bhfuil go leor cúiseanna ar leith taobh thiar de na básanna tragóideacha seo.

Taifeadadh 13 bhás a bhain le feirmeoireacht sa bhliain 2022 agus taifeadadh 16 in 2023, fós ar an earnáil leis an líon is mó básanna. Foinse shuntasach básanna ba ea earnáil na tógála freisin, le seacht mbás in 2022 agus 11 in 2023, i gcomparáid le 10 mbás in 2021. Le chéile, sheas na hearnálacha foirgníochta agus feirmeoireachta do thrí cheathrú cuid de bhásanna a bhaineann le hobair le blianta beaga anuas.

## Forfheidhmiú

In 2022, rinne an tÚdarás breis agus 11,000 cigireacht agus imscrúdú ar fud na n-earnálacha eacnamaíocha agus na sainorduithe reachtacha go léir, lena n-áirítear 10,509 cigireacht réamhghníomhach agus frithghníomhach, ag díriú ar na hearnálacha tógála, talmhaíochta, sláinte agus cúraim shóisialta, iompair, miondíola agus mianadóireachta agus cairéil. Ba é 7,500 an sprioc le haghaidh iniúchtaí réamhghníomhacha lena dtugtar aghaidh ar shábháilteacht agus sláinte cheirde (OSH), agus 8,815 cinn curtha i gcrích ag an Údarás. Rinneadh 284 seiceáil comhlíontachta COVID-19 le linn an chéad ráithe de 2022 nuair a bhí srianta sláinte phoiblí i bhfeidhm. In 2023, rinne an tÚdarás 10,713 cigireacht agus imscrúdú. An sprioc a bhí ann ná 10,000 iniúchadh réamhghníomhach a chur i gcrích trí bhíthin feachtais shonracha agus iniúchtaí spriocdhírithe ar fud na n-earnálacha uile. Bhain an tÚdarás 9,995 cigireacht réamhghníomhach amach.

In 2022 agus 2023 araon, rinneadh imscrúdú ar gach teagmhas marfach a bhain leis an obair a tuairiscíodh don Údarás. In 2022, rinneadh 365 imscrúdú tar éis tuarascálacha teagmhais agus gearáin as ar tháinig 16 ionchúiseamh (12 ar díotáil agus ceithre cinn go hachomair) le fíneálacha de €1.3m san iomlán. In 2023, rinneadh 225 imscrúdú, as ar tháinig 19 n-ionchúiseamh (15 ar díotáil agus ceithre cinn go hachomair) le fíneálacha de €1.4m.

Fuair cigirí an Údaráis amach go raibh ráiteas sábháilteachta ullmhaithe ag 77% de na hionaid oibre a ndearnadh cigireacht orthu in 2022, a mhéadú go 79% in 2023.

Tá réimse na n-idirghabhálacha maidir le faireachas margaidh ar tháirgí ceimiceacha agus tionsclaíocha ag éirí níos tábhachtaí don Údarás, le méadú suntasach ar ghníomhaíocht sa chéad dá bhliain den straitéis. In 2022, áirítear leis na measúnuithe 1,170 táirge ceimiceach; 994 tuarascáil reachtúil maidir le hinnealra, ardaitheoirí agus trealamh brú; agus 327 táirge tionsclaíoch, agus baineadh 260 táirge ceimiceach neamhchomhlíontach mar thoradh orthu.

In 2023, rinneadh measúnú ar 917 táirge ceimiceach agus 307 táirge tionsclaíoch, agus baineadh 182 táirge ceimiceach neamhchomhlíonadh. Cé go bhfuil méadú tagtha ar idirghabhálacha maidir le faireachas margaidh ar tháirgí ceimiceacha agus tionsclaíocha i gcomparáid leis an tréimhse straitéise deiridh, tá méadú níos mó fós tagtha ar na spriocanna.

Rinneadh imscrúdú chun díriú ar ghníomhaíochtaí ar leagadh reachtaíocht síos dóibh faoi réir na nAchtanna Ceimiceán agus reachtaíocht um iompar earraí contúirteacha. Dhírigh na himscrúduithe seo ar ghníomhaíochtaí ardriosca ceimiceacha, go háirithe i réimsí ina bhfuil acmhainneacht níos airde i dtaca le nochtadh ceimiceach. Leagadh béim ar phróiseáil, stóráil, iompar, déantúsaíocht agus úsáid cheimiceach in ionaid oibre.

In 2022, thug an tÚdarás aghaidh ar 42 tarchur forghníomhaithe clárúcháin ECHA a bhain le cláraitheoirí REACH na hÉireann, agus 41 in 2023 ina dhiaidh sin. Ina theannta sin, in 2023, thíolaic an tÚdarás trí thogra chun ADR a leasú ag Comhchruinniú de chuid na Náisiún Aontaithe, agus fuair gach ceann acu tacaíocht d'aon ghuth. Chomh maith leis sin, eisíodh 11 údarú faoi na Rialacháin ADR le linn na bliana céanna.

Mar rapóirtéirí ar choistí AE, thug an tÚdarás cúig thuairim eolaíocha chun críche in 2022 agus 10 gcinn in 2023. Chomhaontaigh agus d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) doiciméad conclúide meastóireachta substainte agus tuarascáil na hÉireann don cheimiceán 4-methylanisole go foirmiúil. Chuir muid Tuarascáil Anailíse ar Rogha Bainistithe Priacail do shubstaint amháin agus grúpa amháin substaintí i gcrích agus leanamar orainn ag comhoibriú le líon áirithe Ballstát eile chun meastóireacht a dhéanamh ar an ngá atá le rialú uile-Eorpach ar shubstaintí íograithe craicinn i meascáin thomhaltóirí. In 2022, faoi COMAH (Rialú Mórghuaiseacha Tionóiscí), rinneadh imscrúduithe ar 83 láithreán sonrach Shraith I agus Shraith II agus rinneadh 207 imscrúdú eile ar láithreáin ina stóráiltear substaintí contúirteacha atá faoi bhun thairseach COMAH agus cuireadh naoi measúnú ar thuairiscí sábháilteachta i gcrích. In 2023, rinneadh imscrúdú ar 96 láithreán ar leith de Shraith I agus Sraith II. Rinneadh 89 iniúchadh eile ar láithreáin ina stóráiltear substaintí contúirteacha gar do thairseach COMAH ach faoi bhun thairseach COMAH. Fuair an tÚdarás 22 fógra COMAH agus 16 mhodhnú shuntasacha agus rinne sé measúnú orthu. Cuireadh aon mheasúnú dhéag ar thuairiscí sábháilteachta i gcrích.



## Dul i dteagmháil le fostóirí, fostaithe agus úsáideoirí sheirbhísí an Údaráis

Lean an tÚdarás ar aghaidh ag caitheamh acmhainní suntasacha ar oibriú i gcomhar le hoibrithe agus lena bhfostóirí, ar bhonn aonair agus trí na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht dóibh.

Thar Thréimhse na Straitéise, leanamar orainn ag tacú agus ag déanamh teagmhála le páirtithe leasmhara tríd an gCoiste Comhairleach um Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Feirmeoireachta agus an Coiste Comhairleach um Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Foirgníochta, is chuamar i dteagmháil le fostóirí agus fostaithe leasmhara in earnálacha eile. In 2023, athbhunaíodh an Fóram Comhpháirtíochta um Shábháilteacht Chairéil i rith na bliana, agus bhunaigh an Bord Coiste Comhairleach Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh nua, a tháinig le chéile den chéad uair in 2024. Cuirfidh an coiste seo fóram ar fáil do phríomhpháirtithe leasmhara chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt don Údarás maidir le dea-chleachtas i sláinte agus sábháilteacht cheirde a chur chun cinn san earnáil.

In 2022 and 2023, chuir an tÚdarás sábháilteacht feirme chun cinn go gníomhach ag go leor mórimeachtaí, lena n-áirítear an Seó Thulach Mhór (Beostoc), an Comórtas Domhanda Treabhdóireachta, Caora Teagaisc 2022 i mBaile Átha an Rí, Feoil Teagaisc 2022 sa Ghráinseach, agus Déirí Teagaisc 2023, chomh maith le roinnt imeachtaí áitiúla eile. Bhí seastáin sábháilteachta feirme agus limistéir thaispeána beo suntasacha mar chuid de na himeachtaí seo.

In 2022, cuireadh béim láidir ar na ceanglais nua dlí maidir le hoiliúint a fháil agus clogaid a chaitheamh chun feithiclí uileraoin (ATVanna) a n-oibriú lenár n-ardáin sábháilteachta ag Seo Thulach Mór agus ag na Comórtais Threabhdóireachta Domhanda. Ina dhiaidh sin, tháinig an reachtaíocht nua maidir le húsáid ATVanna i bhfeidhm i mí na Samhna 2023 agus cuireadh chun cinn í ag gach mórimeacht feirmeoireachta, le taispeántais phraiticiúla ag seastáin ag imeacht Déirí Teagaisc, ag Seó Thulach Mhór agus ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta. Cuireadh na ceanglais nua chun cinn freisin trí chomhfheachtais fógraíochta agus clúdach forleathan sna meáin.

I gcomhar le Comhdháil na gCeardchumann agus le tacaíocht ó Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann, ó Chónaidhm Thionscal na Foirgníochta agus ó Eagraíocht Náisiúnta Shábháilteacht na hÉireann, rinneamar Lá Cuimhneacháin na nOibrithe a cheiliúradh gach bliain le hócáid chomórtha náisiúnta i mBaile Átha Cliath. Is Lá Cuimhneacháin Idirnáisiúnta é Lá Cuimhneacháin na nOibrithe dóibh siúd a maraíodh nó a gortaíodh go dona i dteagmhais a bhain leis an obair.

Lean an tÚdarás air ag tacú le ról na nIonadaithe Sábháilteachta san ionad oibre agus á chur chun cinn. Sheolamar an tríú heagrán den Leabhar Acmhainne na nIonadaithe Sábháilteachta (Safety Representative Resource Book agus) chuireamar dhá bhileog eolais ar fáil d'ionadaithe sábháilteachta i ngach earnáil. Reáchtáladh cúig cheardlann oiliúna le príomhpháirtithe leasmhara ar théama na n-ionadaithe sábháilteachta. Dhírigh na ceardlanna ar ról agus ar fheidhm na n-ionadaithe sábháilteachta agus ar thábhacht an chomhairliúcháin.

D'fhorbraíomar agus sheolamar roinnt feachtas mór le rá chun feasacht a ardú i réimsí éagsúla, lena n-áirítear tuairisiciú teagmhais, strus a bhaineann leis an obair, agus feithiclí uile-thír-raon a úsáid. Chomh maith leis sin, leanamar de chomhdhálacha, seimineáir ghréasáin agus seimineáir a óstáil ar ábhair éagsúla ar nós bainistíocht riosca eirgeanamaíochta, pleanáil theicniúil úsáide talún, bithbhaincéireacht, láimhseáil láimhe, agus tionchar na bhforbairtí IS agus digitiú in ionaid oibre. Reáchtálamar seimineáir ghréasáin freisin a thacaíonn leis an bhFeachtas bliantúil um Obair Shláintiúil. Ina theannta sin, d'óstálamar seimineáir ghréasáin agus seisiúin rannphháirtíochta do pháirtithe leasmhara dírithe ar shláinte agus sábháilteachta san earnáil foirgníochta, rannpháirtíocht le húdaráis áitiúla san áireamh. Ina theannta sin, d'óstáil an tÚdarás a chéad seimineár gréasáin don earnáil dramhaíola amháin, a dhírigh ar thorthaí feachtais agus ar na príomhghuaiseacha ar cheart aghaidh a thabhairt orthu agus córas bainistíochta sábháilteachta á fhorbairt. D'óstáil an tÚdarás agus an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre comhsheimineár gréasáin ar shábháilteacht bóithre a bhaineann leis an obair freisin.

D'fhoilsíomar treoir freisin i 22 réimse a bhaineann le OSH, ceimiceáin, agus faireachas margaidh in 2022, agus i 17 réimse in 2023. Chlúdaíodh réimse mór ábhar sna foilseacháin seo, lena n-áirítear teagmháil le hoibreáin bhitheolaíocha, teagmháil le hábhar íogair, agus pleanáil theicniúil úsáide talún a bhainistiú. Chomh maith leis sin, d'ullmhaíomar cóid chleachtais i réimsí ar nós oibríochtaí foraoiseachta, cáilíocht an aeir laistigh, agus trucailí ardaithe tionsclaíochta.

In 2022, cuireadh an clár Roghnaigh Sábháilteacht ar fáil do bhreis is 400 iar-bhunscoil agus breis is 20,000 dalta iontu. Leathadh an clár amach do bhreis agus 4000 mac léinn in 140 institiúid eile, institiúidí Breisoideachais san áireamh. In 2023, tháinig tuilleadh méadaithe arís ar an gclár. Cuireadh ar fáil é i 428 iar-bhunscoil agus ghlac breis is 23,000 mac léinn páirt ann, an líon ba mhó mac léinn iar-bhunscoile a ghlac páirt riamh i dtionscnamh de chuid an Údaráis.

## Feasacht a mhéadú ar rioscaí a eascraíonn as ceimiceáin

Bunaithe ar Straitéis 2022-2024, lean an tÚdarás de bhéim a chur ar rioscaí do shláinte oibrithe agus do thomhaltóirí de bharr ceimiceán, ag tacú le haidhm an AE ardleibhéal cosanta a chinntiú ar shábháilteacht cheimiceach.

- Lean an tÚdarás air ag bualadh agus ag tacú le páirtithe leasmhara a raibh leasanna acu i bpróisis Cheimiceán an AE faoin Acht Ceimiceán, go háirithe i bhfianaise an athbhreithnithe ar Rialacháin REACH agus CLP.
- Chuaigh feachtas imscrúduithe i ngleic le déchlóraimeatán (DCM) in athchóiriú roth cóimhiotail.
- Trí phreaseisiúint a roinnt ar ár meáin shóisialta i dtaca le torthaí feachtais forfheidhmithe ar idirleatóirí giolcaí guaiseacha a bhí ar fáil ar an margadh Éireannach, chuir an tÚdarás faisnéis ar fáil do thomhaltóirí ar úsáid shábháilte ceimiceán. Ghlac urlabhraí páirt in agallaimh raidió chun béim a chur ar an leibhéal ard neamhchomhlíontachta a bhain le táirgí agus spreag sé tomhaltóirí chun oideachas a chur orthu féin maidir le ceannach táirgí agus threoraigh siad iad chuig suíomh idirlín an Údaráis mar a bhfuil treoir ar fáil.
- Ba é líon na n-iarratas pleanála um úsáid talún a bhain le ceimiceáin a próiseáladh ná 308 in 2022 agus 347 in 2023, agus próiseáladh 376 agus 418 fógra faoi aispeist in 2022 agus 2023 faoi seach.
- In 2023, chomhoibrigh an tÚdarás leis an Lárionad Náisiúnta Faisnéise Nimhiúcháin agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) chun urraíocht a dhéanamh ar 'The Know, Act, Prevent Garden' ag féile Bord Bia Bloom chun feasacht a ardú i measc tomhaltóirí agus iad a chur ar an eolas faoi na contúirtí a bhaineann le táirgí ceimiceacha laethúla a fhaightear go coitianta sa bhaile agus sa ghairdín.
- Thacaíomar leis an Roinn chun comhairle a chur ar fhiontair Éireannacha maidir leis an moladh um shrianadh uilíoch do cheimiceáin PFAS.
- Chríochnaigh an tÚdarás a mheastóireacht ar 4-meitiolanasól in 2022. D'ullmhaíomar togra aicmithe agus lipéadaithe comhchuibhithe (CLH) amháin, agus d'aontaigh Coiste Measúnaithe Riosca (CMR) an ECHA leis an dá thogra CLH Éireannach a aighníodh don EHCA in 2021. In 2023, chuir an tÚdarás tograí maidir le CLH faoi bhráid an ECHA le haghaidh trí shubstaint (piperonal, O-iseapróipil eitil tiacarbamáit, agus clóirít sóidiam).
- Foilsíodh treoir shuntasach maidir le pleanáil theicniúil úsáide talún.

## Úsáid a bhaint as cláir, uirlisí agus seirbhísí an Údaráis

Ceann de thorthaí inmhianaithe na straitéise ná go mbeadh daoine aonair agus eagraíochtaí rannpháirteach agus sásta leis na cláir, na huirlisí agus na seirbhísí a sholáthraíonn an tÚdarás. Chuir an tÚdarás béim shuntasach ar an réimse seo thar an tréimhse 2022-2024. Mar shampla:

- Leanamar de bheith ag forbairt ár n-uirlis measúnaithe riosca agus bainistíochta sábháilteachta ar líne BeSMART.ie, rud a chuir ar chumas fiontair a bhfreagrachtaí sláinte agus sábháilteachta a bhainistiú agus a chomhlíonadh. Is éard a bhí i gceist leis seo ná catagóir gnó nua a ionchorpú le haghaidh moil chianoibre, chomh maith le measúnú riosca ar Cháilíocht an Aeir Laistigh a fhorbairt agus a chur chun cinn. Faoi dheireadh 2023, bhí méadú tagtha ar líon na n-úsáideoirí go 109,140, méadú beagnach faoi dhó ar leibhéil 2018.
- Tháinig méadú ar líon na n-úsáideoirí farmsafely.com ó 15,800 in 2022 go 17,000 ag deireadh 2023.
- Rinneadh os cionn 30,000 cúrsa ar líne ar ár n-ardán ríomhfhoghlama, hsalearning.ie in 2022 agus 70,000 in 2023. Forbraíodh seacht gcúrsa ar líne nua, agus ghlac an tÚdarás páirt mhór i gcur chun cinn na n-acmhainní nua sin.
- Rinneadh athbhreithniú in 2023 ar WorkPositive[CI], an uirlis bhainistíochta riosca síceasóisialta d'fhostóirí. Rinneadh an uirlis ar líne a nuashonrú agus a chuíchóiriú chun taithí úsáideora agus tuairisciú níos fearr a sholáthar. Cuireadh an leagan nuashonraithe ar fáil in 2024. Cuireadh an uirlis chun cinn leis na páirtithe leasmhara go léir, go háirithe le fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna).
- Lenár ndeasc chabhrach ceimiceach, thacaíomar le cuideachtaí ceimiceacha Éireannacha a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoi rialacháin REACH agus Aicmithe, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP). In 2022 agus 2023, phróiseáil an tÚdarás breis is 400 agus 450 fiosrúchán.
- Lean ár n-ionad teagmhála custaiméirí de bheith ag déileáil le fiosrúcháin agus gearáin, ag freagairt do thart ar 27,000 teagmháil custaiméirí isteach thar 2022 agus 2023.
- Tugadh cuairt ar ár suíomh gréasáin 1,236,439 uair in 2022 agus 3,448,000 uair in 2023 de réir mar a bhain fostóirí, oibrithe agus fiontair leas as ár leibhéil fhorleathana comhairle agus tacaíochta.
- Chomh maith leis sin, rinneadh íoslódáil breis agus 200,000 uair dár bhfoilseacháin in 2022, agus tháinig méadú air seo go 390,000 in 2023, lena n-áirítear treoir mhionsonraithe agus bileoga gearra faisnéise.

## Ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna náisiúnta maidir le rialacháin AE

In 2022 agus 2023, ghlac an tÚdarás páirt i 181 agus 146 coiste agus grúpa oibre éagsúil ar bhonn an AE agus ar bhonn idirnáisiúnta ar fud ár sainordaithe OSH, ceimiceán agus faireachas margaidh. Chomh maith leis sin, chuir an tÚdarás ionchuir theicniúla, eolaíochta agus bheartais ar fáil ar leibhéal AE agus ar leibhéal idirnáisiúnta eile, faoi mar a d'iarr an tAire agus an RFTF orainn.

Le linn thréimhse na straitéise agus cúram an Údaráis Lárnaigh Inniúil orainn faoin Acht Ceimiceán, rinneadh obair shuntasach chun beartas ceimiceán an AE a mhúnlú faoin Straitéis Ceimiceán don Inbhuanaitheacht i dtreo timpeallacht atá saor ó thocsainí. In 2022, d'éirigh leis an Údarás comhaontú an Coiste um Measúnú Rioscaí de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA) a fháil ar dhá thogra sainchomhad rangaithe, agus comhaontaíodh trí cinn eile in 2023.

Rinneamar ionadaíocht thar ceann na hÉireann ar roinnt coistí agus grúpaí oibre teicniúla de chuid an ECHA agus an Choimisiúin Eorpaigh, agus rinneamar iarracht shuntasach ar bheartas nua ceimiceán a mhúnlú ag leibhéal an AE, go háirithe i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an Rialachán CLP.

Chuireamar le comhairliúcháin agus ceardlanna chun Rialachán REACH a athchóiriú. I ndiaidh athbhreithniú ar an Treoir maidir le hInnealra, chabhraíomar le hathbhreithniú an Choimisiúin ar Rialacháin Innealra nua don AE sa ról atá againn mar shaineolaithe teicniúla. Thacaigh muid go gníomhach le RFTF freisin; trí fhreastal ar chruinnithe agus trí ionchur teicniúil suntasach a chur ar fáil chun Rialachán Innealra 2023/1230 nua an AE a thabhairt chun críche. Tháinig an Rialachán i bhfeidhm in 2023.

Chuir an tÚdarás le beartas sábháilteachta agus sláinte cheirde ag leibhéal an AE trí rannpháirtíocht i meithleacha faoin gCoiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte, lena n-áirítear na Treoracha um Ionaid Oibre agus Scáileáin Thaispeána a nuashonrú, ullmhacht le haghaidh cásanna práinne ag leibhéal an AE a athbhreithniú agus Sceideal Eorpach na nGalar Ceirde a nuashonrú.

Ghlac BNÉC páirt i gcruinnithe AE agus idirnáisiúnta chomh maith agus rinne sé ionadaíocht thar ceann na hÉireann iontu. In 2022 agus 2023, d'fhreastail baill foirne BNÉC ar 23 agus 17 coiste agus cruinnithe creidiúnaithe Eorpacha agus idirnáisiúnta faoi seach. Ina theannta sin, tá Líonra Cumarsáide Creidiúnaithe Eorpach nua bunaithe ina mbeidh INAB rannpháirteach.

## Comhoibriú le heagraíochtaí eile

Baineadh spriocanna straitéiseacha an Údaráis amach trí rannpháirtíocht agus comhoibriú le grúpaí ionadaíocha gnó, grúpaí earnála agus grúpaí fostaithe, rialtóirí eile, agus gníomhaireachtaí rialtais. Laistigh de thréimhse na straitéise, tugadh isteach nó nuashonraíodh raon comhaontuithe idirghníomhaireachta chun ár n-idirghníomhaíochtaí le comhlachtaí poiblí eile a éascú agus a bharrfheabhsú.

i gcomhpháirt leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) agus an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC), ghlac an tÚdarás páirt i dTionscadal Forfheidhmithe Uile-Eorpach Nua de chuid REACH ar rialuithe comhtháite ceimiceán. Chomh maith leis sin, i mí Dheireadh Fómhair 2023, d'eagraigh an tÚdarás agus an GCC Comhdháil ar Straitéis Ceimiceán an AE um an Inbhuanaitheacht, a dhírigh ar thodhchaí reachtaíocht ceimiceán an AE.

Lean an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Feirme ag obair ar chuspóirí an Phlean Gníomhaíochta um Shábháilteacht Feirme 2021-2024 a chur i bhfeidhm. Cinntíonn an CCCSF rannpháirtíocht láidir páirtithe leasmhara san earnáil talmhaíochta. Choinnigh an tÚdarás comhthionscnaimh choiscthe le Teagasc agus chomhoibrigh sé le Coillte agus le comharchumainn mhóra. Thacaigh Coiste Comhairleach na Comhpháirtíochta um Shábháilteacht ar an bhFeirm (FSPAC) le Seachtain Sábháilteachta Feirme freisin.

D'oibrigh Coiste Comhairleach na Compháirtíochta um Shábháilteacht Foirgníochta (CSPAC) i dtreo cuspóirí Phlean CSPAC 2022-2024 a bhaint amach, ag cur dea-chleachtais shláinte agus sábháilteachta chun cinn maidir le foirgníocht. Cuireadh acmhainní fairsinge treorach agus faisnéise ar fáil don earnáil in 2023 trí obair an CSPAC agus an Údaráis.

Thar thréimhse na straitéise, chuireamar saineolas teicniúil agus tacaíocht ar fáil don Roinn i dtaca le forbairt reachtaíochta ag leibhéal an AE agus ag an leibhéal náisiúnta. I measc na n-ábhar a bhí i gceist, bhí Rialachán nua an AE ar Tháirgí Innealra, iarratas ar mhaolú faoin Treoir um Ardaitheoirí, nuashonruithe ar an reachtaíocht náisiúnta i dtaca le hiompar sábháilte earraí de bhóthar, leasuithe ar an reachtaíocht náisiúnta faoin Acht Ceimiceán, agus comhairle i dtaca le togra chun an Treoir maidir le cosaint aispeiste a leasú. Rinneadh moltaí freisin maidir le nuashonruithe beartaithe ar rialacháin na hearnála cairéal.

Chuaigh an INAB i mbun iarrachtaí comhpháirteacha le comhlachtaí éagsúla, lena n-áirítear grúpa oibre aireachta ar athbhreithniú na Treorach Uisce Óil, an Roinn Iompair maidir le iniúchadh ar Threoir um Threalamh Muirí, an Coimisinéir Cosanta Sonraí maidir le creidiúnú faoin RGCS, agus an GCC maidir le creidiúnú saotharlanna stáca astuithe.

Reáchtáil an tÚdarás, i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (ÚSB), seimineár gréasáin ar Shábháilteacht Feithiclí a Bhaineann le hObair i mí na Samhna. Thacaigh muid le cúig cheardlann oiliúna ar théama na n-ionadaithe sábháilteachta i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara. Ullmhaíodh treoir d'fhostóirí ar theacht i dteagmháil le ábhar íogair, go háirithe i modhnóireacht ábhair, i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát.

## Creidiúnú

Ar cheann de thorthaí inmhianaithe na straitéise bhí feasacht agus úsáid seirbhísí creidiúnaithe INAB a mhéadú chun sármhaitheas agus inbhuanaitheacht gnó a chur chun cinn, agus chun tacú le rialáil i réimsí riachtanacha. Lean Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú le creidiúnaithe nua a bhronnadh agus le creidiúnuithe a bhí ann cheana a athnuachan chun tacaíocht a chur ar fáil do raon leathan gnólachtaí agus seirbhísí ar fud gheilleagar na hÉireann. In 2022, tugadh 17 creidiúnú nua, mar aon le 321 cinneadh maidir le creidiúnú reatha a athnuachan. In 2023, bhí 553 imeacht measúnaithe ann, as ar tháinig 13 chreidiúnú nua agus 384 cinneadh athnuachan. Chomh maith leis sin, bhronn INAB 117 síneadh ar an raon feidhme ar chliaint reatha, méadú 40 ar fhigiúirí 2022.

Sheol BNÉC Straitéis Chreidiúnaithe 2022-2026 cúig bliana i mBealtaine 2022. Leagann an straitéis amach conas mar a bhainfidh Éire gach buntáiste as an gcreidiúnú chun tionchar dearfach a imirt ar gheilleagar agus ar shochaí na hÉireann. Thug BNÉC roinnt cur i láthair, lena n-áirítear do Ranna Rialtais. Ullmhaíodh sraith cur i láthair chun tairbhí an chreidiúnaithe a chur chun cinn, chun comhroinnt eolais a fheabhsú, agus chun faisnéis a mhalartú. Rinneadh leathanach meán sóisialta LinkedIn BNÉC a nuashonrú go rialta chun cumarsáid a dhéanamh le cliaint agus idirghníomhú leo, chun roinnt eolais a fheabhsú agus chun líonraí a mhéadú. Chomh maith leis sin, chomhoibrigh INAB le Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais atá freagrach as creidiúnú i réimsí amhail cibearshlándáil agus cosaint sonraí.

Chuir BNÉC roinnt cás-staidéir cliant lena shuíomh gréasáin chun na tairbhí a bhaineann le creidiúnú ó dhearcadh an chliaint a léiriú agus chun foghlaim agus eolas a roinnt. Tacóidh sé sin le roinnt eolais agus feasacht ar chreidiúnú.

I mí na Samhna 2023, d'óstáil Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú an 54ú cruinniú den Chomhthionól Ginearálta um Chomhar Eorpach don Chreidiúnú i mBaile Átha Cliath, ar fhreastail toscairí ó bhoird chreidiúnaithe náisiúnta ar fud na hEorpa. D'fhreastail foireann an INAB ar níos mó ná 50 cruinniú idirnáisiúnta thar thréimhse na straitéise.



## An tÚdarás mar eagraíocht ardfheidmíochta

Faoin straitéis 2022-2024, lean an tÚdarás d'infheistíocht a dhéanamh ina fhoireann, ina chórais agus ina theicneolaíocht. Go hinmheánach, tháinig fás ar an Údarás agus chuaigh sé i dtaithí ar mhodhanna oibre nua. Mar thoradh ar earcaíocht fhorleathan, mhéadaíomar líon ár mball foirne go mór, agus tá foirne níos iomláine againn anois ar fud an Údaráis, an rannóg nua Sláinte Cheirde san áireamh. Tháinig méadú ar líon na foirne ó 204.8 FTE in 2021, ag deireadh thréimhse na straitéise deiridh, go dtí 268.3 FTE i R1 de 2024, arb ionann é sin agus méadú 31%. Feabhsaíodh tionscnaimh oiliúna agus iondúchtaithe chun tacú le baill foirne nua tabhairt faoi sholáthar a dhéanamh ar gach sainordú.

Ba é 2023 an chéad bhliain iomlán oibriúcháin faoinár samhail nua, tar éis clár cuimsitheach um fhorbairt eagraíochtúil agus bainistíochta athraithe, a chuireamar i bhfeidhm de réir a chéile le linn na chéad bhliana den straitéis. Cé go bhfuil na struchtúir uile de chuid an dearaidh eagraíochta nua curtha ibhfeidhm go hiomlán, d'oibríomar i rith na bliana le leibhéal suntasach folúntais i bhformhór na réimsí agus muid ag leanúint ar aghaidh ag méadú chun an líon daoine ceadaithe a bhaint amach. Thug an tÚdarás clár forbartha do chigirí nua isteach, a soláthraíodh trí chur chuige foghlama cumaisc a raibh oiliúint sa seomra ranga agus cigireachtaí maoirsithe mar chuid de. Cuireann an clár seo leis na próisis ionduchtaithe atá ann cheana féin, lena gcinntítear comhsheasmhachta i soláthar cigireachta agus in aistriú eolais ar fud na heagraíochta.

Go hinmheánach, d'fhorbair an tÚdarás straitéisí a dhírigh ar dhaoine, ar chumarsáid agus ar shonraí. Tá sé mar aidhm ag na straitéisí seo cur chuige diongbháilte fadtéarmach a chinntiú i leith ghníomhaíochtaí an Údaráis sna réimsí seo. D'fhorbraíomar, i gcomhar lenár bhfoireann, beartas oibre cumaisc a thagann leis an tsraith de bheartais chothromaíochta oibre is saoil atá againn cheana féin, agus leis an gCód Cleachtais maidir leis an gCeart chun Dícheangail, agus daingníonn sé ár gcáil mar fhostóir rogha. Mar chuid dár dtiomantas do chothromaíocht oibre is saoil, reáchtálamar clár píolótach le haghaidh obair chumaisc i rith 2023 ar bhain 92% dár bhfostaithe leas as.

Rinneadh athbhreithniú neamhspleách ar an timpeallacht TFC i gcomparáid leis na Caighdeáin Bhonnlíne Chibearshlándála do TFC an Rialtais, as ar tháinig plean oibre. Leithdháileadh acmhainní suntasacha chun ardán lárnach nua a fhorbairt chun tacú le gníomhaíochtaí rialála agus comhairleacha. D'éirigh linn an chéad chéim de Chóras a thabhairt chun críche, ardán nua MS Dynamics atá deartha chun ár bpróisis ghnó rialála a fheabhsú thar roinnt dár bpríomhréimsí ar nós sábháilteacht agus sláinte cheirde, ceimiceáin, agus faireachas margaidh. Ach an sprioc thábhachtach seo a bhaint amach, beimid in ann ár sreafaí oibre a chuíchóiriú, bainistíocht cásanna ceann go ceann a chur i bhfeidhm, sonraí láidre a bhailiú agus pleanáil oibre a fheabhsú.

Leis seo, réitítear an bealach le haghaidh céimeanna amach anseo a mbeidh buntáistí breise mar thoradh orthu, amhail eispéiris fheabhsaithe do chustaiméirí agus léargais luachmhara do ghníomhaíochtaí rialála atá níos spriocdhírithe, agus atá ina sprioc shonrach sa straitéis nua.

Tá méadú tagtha ar ár gcumas i dtaca le sonraí le blianta beaga anuas mar thoradh ar an bhFoireann Bainistíochta Sonraí agus Anailísíochta. In 2023, chuaigh muid i dteagmháil le príomhpháirtithe leasmhara chun iompraíochtaí barrmhaithe maidir le sonraí a chur chun cinn. Forbraíodh príomhthuairiscí chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais ghnó agus chun bonn fianaise a sholáthar le haghaidh cinnteoireachta. Bhí glantachán sonraí mar thosaíocht, agus cuireadh tascanna móra glantacháin i gcrích, go háirithe maidir lenár máistirshonraí, rud a chinntigh gur aistríodh sonraí ar ardchaighdeán chuig an bpríomhardán nua.



## Conclúidí an athbhreithnithe ar Straitéis 2022-2024 a bhí mar bhonn eolais de Straitéis 2025-2027

- Tháinig méadú ar líon na dteagmhas neamh-mharfach in 2022 agus 2023 de réir mar a d'fhill daoine ar an obair, cé go bhfuil laghdú tagtha ar an ráta teagmhais neamh-mharfacha, mar chéatadán de líon na ndaoine atá i bhfostaíocht. Déanfar monatóireacht ar rátaí teagmhais trí bhéim láidir a chur ar thacú le comhlíonadh na straitéise nua agus é a fhorbairt.
- B'ionann feirmeoireacht agus foirgníocht agus trí cheathrú de na básanna a bhain le hobair le blianta beaga anuas agus beidh an straitéis nua ag díriú ar na hearnálacha seo fós.
- Tá ráta na dtimpistí marfacha i bhfad níos airde ná an meán náisiúnta i measc daoine féinfhostaithe agus oibrithe i bhfiontair bheaga nó i micrifhiontair. Le linn na straitéise seo leagfar béim ar leith ar theachtaireachtaí an Údaráis a chur os comhair gnólachtaí beaga.
- Lean an tÚdarás dá chuid clár, uirlisí agus seirbhísí a fhorbairt, lena n-áirítear BeSMART.ie, farmsafely.com, hsalearning.ie, WokrPositiveCI, deasc chabhrach cheimiceach, ionad teagmhála custaiméirí agus suíomh gréasáin. De réir mar a leanann an tÚdarás ar aghaidh ag forbairt a chlár digitithe le linn na chéad straitéise eile, déanfaidh sé iarracht feabhas a chur ar éifeachtacht na gcóras seo a bhaineann plé le custaiméirí leo.
- In 2022 agus 2023, ghlac an tÚdarás páirt i roinnt coistí agus grúpaí oibre éagsúla ar bhonn an AE agus ar bhonn idirnáisiúnta ar fud ár sainorduithe OSH, ceimiceán agus faireachas margaidh. Beidh iarrachtaí chun tionchar a imirt ar bheartas agus ar reachtaíocht an AE ina dtosaíocht fós.
- Laistigh de thréimhse na straitéise, tugadh isteach nó nuashonraíodh raon comhaontuithe idirghníomhaireachta chun ár n-idirghníomhaíochtaí le comhlachtaí poiblí eile a éascú agus a bharrfheabhsú. Beidh sé mar aidhm ag an Údarás comhaontuithe breise a aithint agus dul i ngleic leo chun seachadadh éifeachtach spriocanna na straitéise nua a éascú.
- Sheol INAB Straitéis chúig bliana maidir le Creidiúnú 2022-2026 i mBealtaine 2022 agus leanfar le cur i bhfeidhm na straitéise creidiúnaithe ar feadh na chéad dá bhliain de straitéis an Údaráis.
- Tháinig méadú ar líon na foirne ó 204.8 FTE in 2021 go 268.3 i R1 de 2024. Feabhsaíodh tionscnaimh oiliúna agus iondúchtaithe chun tacú le baill foirne nua tabhairt faoi sholáthar a dhéanamh ar gach sainordú. Tabharfaidh muid tosaíocht d'oiliúint agus do choinneáil foirne lena chinntiú go mbeidh na scileanna cearta agus an saineolas ceart ar fáil dúinn le linn na chéad straitéise eile agus san fhadtéarma.
- Thug an tÚdarás an chéad chéim de Chóras chun críche, ardán nua MS Dynamics atá deartha chun ár bpróisis ghnó rialála a fheabhsú thar roinnt dár bpríomhréimsí. Leanfar le hinfheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí digiteacha sa straitéis nua le béim faoi leith ar fheidhmchláir lena mbaineann plé le custaiméirí agus ar an úsáid is mó is féidir a bhaint as sonraí an Údaráis chun cabhrú lena chuid oibre a stiúradh.

# Nótaí



# Ár bhfís:

## Saol oibre sláintiúil agus sábháilte a sholáthar agus cur le fiontair tháirgiúla

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
**Fón: 0818 289 389**

**www.hsa.ie**

Uimh. Choda 0528 an ÚSS

ISBN 978-1-84496-303-4